**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile*

**2022/2096(DEC))**

2.32023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) don bhliain airgeadais 2021
2022/2096(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Saskia Bricmont

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur geal leis gur dhearbhaigh an Chúirt Iniúchóirí ('an Chúirt') na hidirbhearta is bun le cuntais bhliantúla Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) don bhliain airgeadais 2021 a bheith dlíthiúil agus rialta sna poncanna ábhartha uile; á mheabhrú gur tháinig laghdú ar bhuiséad CEPOL in 2021 go 30 milliún (1,82% i gcomparáid le 2020), agus gur mhéadaigh a bhaill foirne ó 84 go 95 (+13,09%) laistigh den tréimhse chéanna, de réir a ráitis maidir le hioncam agus caiteachas;

2. á athdhearbhú sé gur cúis imní dó na figiúirí arda athfhillteacha maidir leis an ráta athraithe foirne, gurbh ionann agus 11.8% in 2021; á thabhairt dá haire le sástacht na hiarrachtaí a rinne CEPOL in 2021 chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo agus na bunchúiseanna a shainaithint ar bhealach níos fearr trí agallamh fágála struchtúrtha nua a thabhairt isteach; á chur in iúl go raibh grádú íseal na bpost ar cheann de na príomhchúiseanna a aithníodh ba bhonn leis an gcinneadh iarfhoirne CEPOL a fhágáil; á chur i bhfios go bhfuil iarmhairt thar a bheith diúltach ag an grádú íseal agus ag an gcomhéifeacht ceartúcháin reatha thuarastail ar iarrachtaí CEPOL maidir le hearcaíocht agus coinneáil foirne; á chur in iúl, thairis sin, go raibh líon íseal na n-iarratas chomh maith le líon ard iarrthóirí rathúla a dhiúltaigh do na tairiscintí poist i measc na bpríomhdheacrachtaí a tháinig chun cinn le linn an phróisis earcaíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún athmhachnamh a dhéanamh ar an gcomhéifeacht ceartúcháin tuarastail a chuireann sé i bhfeidhm ar chathair ósta CEPOL chun na riachtanais eacnamaíocha agus na réaltachtaí ar an láthair a léiriú níos fearr, chomh maith le saoráidí breise a chur ar fáil don fhoireann chun CEPOL a dhéanamh níos tarraingtí d'iarrthóirí ardoilte;

3. á chur in iúl gur geal leis gur oiriúnaigh CEPOL go héifeachtach trína ghníomhaíochtaí foghlama a chur ar líne in ainneoin gur lean an staid phaindéimeach ar aghaidh in 2021 agus gur chuir sé 396 ghníomhaíocht oiliúna i gcrích ar gníomhaíochtaí iad a raibh 46 340 oifigeach forghníomhaithe dlí rannpháirteach iontu, rud lena léirítear méadú 17% i gcomparáid le 2020; á chur in iúl gur geal leis gur dhírigh gníomhaíochtaí oiliúna CEPOL in 2021 ar phríomhréimsí téamacha na coireachta eagraithe; ag tabhairt dá haire le sástacht an aird ar leith a thug CEPOL do réimse na cibearchoireachta; ag tabhairt dá haire an comhoibriú idir CEPOL agus moil speisialaithe eolais cibearchoireachta;

4. á chur in iúl gur geal leis gur bunaíodh an Sainghrúpa maidir le Cearta Bunúsacha agus é mar aidhm aige gné ceart bunúsach a chomhtháthú in oiliúint agus imeachtaí uile CEPOL; á chur in iúl gur geal leis gur síníodh an socrú oibre leis an nGníomhaireacht um Cheart Bunúsacha; á chur in iúl, ina theannta sin, gur geal leis moladh an tSainghrúpa go gcuirfí Cearta Bunúsacha mar shaincheist thrasnaí leis na hoiliúna a chuireann CEPOL ar fáil do Bhallstáit agus do thríú tíortha;

5. á chur in iúl nach mór don oiliúint i bhforfheidhmiú an dlí ar leibhéal an Aontais bagairtí slándála an Aontais a léiriú i gcomhréir le sainordú CEPOL; á athdhearbhú a thábhachtaí atá oiliúint i bhforfheidhmiú an dlí maidir le straitéisí chun an ciníochas

agus an t-idirdhealú a chomhrac, agus chun próifíliú agus foréigean ciníoch agus eitneach a chosc; á chur i bhfios go láidir go bhfuil géarghá le hoiliúint speisialaithe a dhíríonn ar dhainséirí agus ar úsáid iomchuí theicneolaíochtaí IS ag údaráis phóilíneachta mar eochair chun sábháilteacht agus slándáil na saoránach a chinntiú;

6. ag cur sonrú i socruithe oibre CEPOL le Europol, Eurojust, Frontex, an Gréasán Eorpach um Oiliúint Breithiúnach, an Coimisiún Eorpach, agus caibidlíochtaí leanúnacha leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann; á thabhairt dá haire comhar leanúnach CEPOL le comhpháirtithe ó thríú tíortha, agus gur chuir CEPOL tús in 2021 le cur chun feidhme 4 thionscadal oiliúna nua um fhorghníomhú an dlí le comhpháirtithe sa Mheánoirthear agus san Afraic Thuaidh;

7. á mheabhrú gur thug an Chúirt faoi deara laigí i dtimpeallacht rialaithe inmheánaigh CEPOL seachas na laigí sin a bhaineann le soláthairtí maidir le bainistiú gealltanas buiséadach, agus á chur in iúl gur geal leis gur ghlac CEPOL céimeanna nithiúla chun aghaidh a thabhairt ar na hearráidí sin lena n-áirítear oiliúint rialta ar bhainistiú conartha do bhainisteoirí tionscadal agus d’fhoireann ábhartha eile chun feasacht a mhéadú agus líon na gcásanna sin a laghdú; á iarraidh ar CEPOL tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh faoina dhul chun cinn san ábhar seo;

8. á chur in iúl gur oth leis cinntí na Cúirte maidir le neamhrialtachtaí in íocaíochtaí a sháraigh an Rialachán Airgeadais i ndáil le speansais a chumhdaigh eagrú imeachtaí CEPOL i dtíortha neamh-AE; á aithint go bhfuil neamhrialtachtaí den sórt sin nasctha leis na dúshláin gan fasach a d’eascair as paindéim COVID-19; á thabhairt dá haire freagra CEPOL gur chuir an ghníomhaireacht nóta eisceachta ar bhonn foirmiúil chun trédhearcacht a áirithiú, agus go ndearna sé sin chun an úsáid a baineadh as an gcreatchonradh a bhí ann cheana a laghdú i ndáil le gníomhaíochtaí tionscadail i dtríú tíortha, rud lena gcumhdaíodh riachtanais phráinneacha gnó agus iad sin amháin, lena n-áirithíodh leanúnachas gnó go dtí go síníodh an creatchonradh nua i mí Eanáir 2022; á chur in iúl gur geal leis gur shínigh CEPOL creatchonradh nua i mí Eanáir 2022 lena gcumhdaítear imeachtaí sna tíortha sin; á thabhairt dá haire go bhféadfadh aon laigí a sainaithnítear maidir le nós imeachta soláthair CEPOL prionsabal na trédhearcachta a chur i mbaol agus an ghníomhaireacht a nochtadh ar rioscaí clú agus dlíthiúla;

9. á mheabhrú go n-áiritheoidh an ghníomhaireacht go ndéanfaí trédhearcacht iomlán agus urraim iomlán maidir le cearta bunúsacha a áirithiú ina gníomhaíochtaí uile, lena n-áirítear iad siúd atá acu le tríú tíortha.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 1.3.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 63<br>–: 1<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Patricia Chagnon, Caterina Chinnici, Clare Daly, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Erik Marquardt, Nuno Melo, Maite Pagazaurtundúa, Karlo Ressler, Diana Riba i Giner, Birgit Sippel, Sara Skyttedal, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Annalisa Tardino, Tomas Tobé, Yana Toom, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Jadwiga Wiśniewska, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Susanna Ceccardi, Gwendoline Delbos-Corfield, Loucas Fourlas, Beata Kempa, Philippe Olivier, Dragoş Tudorache, Petar Vitanov, Tomáš Zdechovský |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Gheorghe Falcă, Jean-François Jalkh, Petra Kammerevert, Marisa Matias, Martina Michels, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Mick Wallace, Bernhard Zimniok |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 63 | + |
|---|---|
| CLE | Patryk Jaki, Assita Kanko, Beata Kempa, Vincenzo Sofo, Jadwiga Wiśniewska |
| ID | Susanna Ceccardi, Patricia Chagnon, Jean-François Jalkh, Philippe Olivier, Annalisa Tardino, Tom Vandendriessche, Bernhard Zimniok |
| EPP | Magdalena Adamowicz, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Lena Düpont, Gheorghe Falcă, Loucas Fourlas, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Nuno Melo, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Karlo Ressler, Sara Skyttedal, Tomas Tobé, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský |
| Renew | Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Maite Pagazaurtundúa, Ramona Strugariu, Yana Toom, Dragoş Tudorache |
| S&D | Katarina Barley, Pietro Bartolo, Caterina Chinnici, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Marina Kaljurand, Petra Kammerevert, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Birgit Sippel, Petar Vitanov |
| An Chlé | Clare Daly, Marisa Matias, Martina Michels, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Gwendoline Delbos-Corfield, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Diana Riba i Giner, Tineke Strik |

| 1 | - |
|---|---|
| NI | Milan Uhrík |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh